Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**6446/21**
**ADD 25**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Part 4/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le Líonraí agus Seirbhísí Cliste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Part 4/9.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Part 4/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 4/9

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhphháirtíocht Eorpach maidir le Líonraí agus Seirbhísí Cliste**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad) |
|---|
| Measúnú tionchair ar chomhpháirtíocht institiúidithe Eorpach fhéideartha ar líonraí agus seirbhísí cliste[1] |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá ar thionscal líonraí agus seirbhísí na hEorpa dul i ngleic le hiomaíochas tionscail agus dúshláin cheannasachta teicneolaíochta maidir le cur in úsáid bonneagair 5G mar bhonn le haghaidh príomh- mhargaí digiteacha, agus taighde agus nuálaíocht ar chórais 6G. Áirítear ar na fadhbanna sin:<br>• Éagumas na hEorpa an poitéinseal foriomlán a bhaineann le digitiú an gheilleagair a shaothrú;<br>• ceannasacht theoranta theicneolaíoch a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla slabhraí luacha líonraí agus seirbhísí cliste, go háirithe mar gheall ar iomaíochas domhanda atá ag síormhéadú le haghaidh soláthróirí Eorpacha;<br>• cur in úsáid mall na n-ardán bonneagair le haghaidh príomh- mhargaí digiteacha; agus<br>• suim theoranta in aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sochaíocha amhail an t- athrú aeráide trí réitigh dhigiteacha.<br>Is iad seo a leanas príomhspreagthaí na bhfadhbanna:<br>× cumais easnamhacha 5G chun freagairt ar ardriachtanais chumarsáide agus ríomhaireachta;<br>× láithreacht neamhleor ghníomhaithe an Aontais i slabhraí luacha digiteacha domhanda;<br>× an easpa comhtháthaithe i slabhraí luacha an Aontais;<br>× forbairt mhall 5G;<br>× an gá le cibearshlándáil, eitic agus príobháideachas; agus<br>× an easpa éifeachtúlacht fuinnimh.<br>Mar gheall ar na saincheisteanna thuasluaite, táthar ag súil go mbeidh easpa ceannasacht teicneolaíochta ann a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí criticiúla na slabhraí luacha líonraí agus seirbhísí cliste, easpa ardáin bonneagair le haghaidh nuálaíochta agus baol go mbeidh an tAontas ar gcúl maidir le taighde ar líonraí agus seirbhísí 6G- bhunaithe. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é is sprioc leis ceannasacht theicneolaíoch a áirithiú a mhéid a bhaineann le slabhraí luacha líonraí agus seirbhísí cliste. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm leis a chur ar chumas gníomhaithe Eorpacha na cumais taighde agus nuálaíochta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí 6G mar bhonn le haghaidh seirbhísí digiteacha sa todhchaí sa tréimhse go dtí 2030. Is é is aidhm don tionscnamh freisin forbairt na bpríomh- mhargaí le haghaidh bonneagar agus seirbhísí 5G san Eoraip a chothú. Cothóidh an dá thacar gníomhaíochtaí (le haghaidh cur in úsáid bonneagair 5G agus taighde agus nuálaíocht 6G) ailíniú líonraí agus seirbhísí cliste amach anseo le beartas an Aontais agus riachtanais na sochaí, lena n- áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, príobháideachas, eitic agus cibearshlándáil. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |

[1] Is teideal oibre é 'Líonraí agus seirbhísí cliste'; déanfar é a leasú tar éis treoraíocht ardleibhéil pholaitiúil a fháil in am do ghlacadh an togra ón gCoimisiún.

Tabharfaidh an chomhpháirtíocht sin aghaidh ar dhúshláin trasteorann/thrasnáisiúnta, comhthiomsú acmhainní, treochláir straitéiseacha, an gá le mais chriticiúil chun cuspóirí beartais a bhaint amach, agus an gá le gníomhaithe difriúla a chomhordú i measc earnálacha difriúla den gheilleagar digiteach, ar dúshláin iad nach féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach chomh héifeachtach agus iad ag gníomhú astu féin, go háirithe maidir le taighde agus nuálaíocht ar chórais 6G.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

Is iad seo a leanas na roghanna atá ann:

- rogha bhonnlíne – glaonna traidisiúnta faoin gcreatchlár;
- rogha 1 – comhpháirtíocht Eorpach chomh- chláreagraithe;
- rogha 2 — comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach.

Is í rogha 2 an rogha thosaíochta, mar gur dócha go mbeidh an tionchar eolaíochta, eacnamaíoch agus sochaíoch is mó aici agus níos mó comhleanúnachais ag baint léi, cé go bhfuil sí ar an rogha is costasaí agus is castaí.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

D’aithin páirtithe leasmhara an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhpháirtíochta le haghaidh éiceachóras líonraí agus seirbhísí na hEorpa thar shlabhraí luacha digiteacha amach anseo. Léiríodh sa chomhairliúchán gurbh fhearr comhpháirtíocht chomh- chláraithe nó comhpháirtíocht institiúidithe, ach leag neart freagróirí, lena n- áirítear na príomhghníomhaithe, béim ar an gcaoi a bhfuil siad oscailte don dá shamhail freisin, ag brath ar roinnt cúinsí riaracháin agus dlíthiúla.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Déanfar na tairbhí a uasmhéadú go soiléir faoin rogha a bhaineann le comhpháirtíocht institiúidithe (rogha 2) a dhéanfadh an méid seo a leanas:

1. bheadh sí níos éifeachtaí, go háirithe i dtéarmaí tionchair eacnamaíocha, theicneolaíocha agus shochaíocha, ag deimhniú gealltanas níos láidre ó pháirtithe leasmhara agus ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí rialála agus caighdeánaithe, agus le beartais phoiblí, lena n-áirítear ceannasacht theicneolaíoch agus cuspóirí ‘an chomhaontaithe ghlais’;
2. d’fheabhsófaí comhleanúnachas seachtrach le for- rochtain éifeachtach le tionscnaimh eile agus le sainordú soiléir chun sineirgí a bhunú le cláir Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe le haghaidh cur in úsáid; agus
3. chuirfí éifeachtúlacht fhoriomlán an- mhaith ar fáil, d’ainneoin na gcostas breise.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

| |
|---|
| Baineann na costais bhreise le bunú comhghnóthais agus lena oibriúchán. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Bainfidh cuideachtaí Aontais i réimse líonraithe, néalríomhaireachta agus 'idirlíon na rudaí nithiúla' an tairbhe is mó as, chomh maith le cuideachtaí i dtionscail 'ingearacha'. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an tionscnamh cuidiú leo éifeachtúlacht infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta a uasmhéadú freisin agus dlús a chur leis an bpróiseas forbartha, rud a chuirfeadh feabhas ar a n- iomaíochas. Beidh tairbhí eacnamaíocha díreacha agus indíreacha ann le haghaidh FBManna agus mhion- fhiontair an Aontais sa réimse. Ní fhorchuirfidh an chomhpháirtíocht aon cheanglas rialála orthu; ina áit sin, osclófar deiseanna i dtéarmaí laghduithe costas le haghaidh dearadh táirgí nua agus cuideofar leo rochtain níos éasca a fháil ar infheistíocht chun réitigh indíolta a chur in úsáid ar scála an Aontais. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Bheadh an tionchar ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta teoranta do rannpháirtíocht rialaithe. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Beidh tionchar dearfach ar iomaíochas, caighdeánú domhanda agus trádáil agus infheistíocht lena mbaineann. |
| **Comhréireacht?** |
| Ní sháraíonn an rogha thosaíochta an méid is gá chun an fhadhb bhunaidh a réiteach. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfar athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht i gcomhréir le gnáthbheartas Fís Eorpach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí, is dócha go mbeidh dhá athbhreithniú eochairtháscaire feidhmíochta bhliantúla agus athbhreithniú grinn tráth meántéarma agus i dtreo dheiridh Fís Eorpach i gceist. |